BowelScreen

# Faisnéis thábhachtach faoi do scagthástáil putóige

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

BowelScreen
An Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige
The National Bowel Screening Programme

## Cad is BowelScreen ann?

Is é BowelScreen an Clár Náisiúnta le haghaidh Scagthástáil Phutóige, atá ina chuid den tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála. Tá sé maoinithe ag an Rialtas.

Tairgeann an clár scagthástála baile saor in aisce ar a dtugtar an tástáil FIT gach dhá bhliain do dhaoine san raon aoise incháilithe. (Is éard is brí le FIT ná tástáil imdhíoncheimiceach faecais.) (Léigh tuilleadh faoin tástáil sin ar leathanach 4.)

Tá raon aoise BowelScreen ag athrú. Mar sin, cuirfear an clár scagthástála baile saor in aisce ar fáil do níos mó daoine. Lena fháil amach an féidir leat páirt a ghlacadh ann tabhair cuairt ar www.bowelscreen.ie.

Má tá tú lasmuigh den raon aoise incháilithe, déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh le do thoil maidir le haon imní atá ort faoi shláinte do phutóige.

Má tá cóir leighis á fáil agat le haghaidh riocht putóige, cuir ceist ar do dhochtúir teaghlaigh an mbeadh sé ceart go leor duit páirt a ghlacadh i gclár BowelScreen.

Más mian leat toiliú (aontú) le páirt a ghlacadh i gclár BowelScreen, cuir glao ar Shaorghlao 1800 45 45 55, le do thoil, nó seol ríomhphost chugainn ag info@bowelscreen.ie. Is féidir leat clárú le haghaidh BowelScreen ar líne chomh maith. Tabhair cuairt ar www.bowelscreen.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

## Cad is scagthástáil putóige ann?

Féachtar le scagthástáil putóige comharthaí ailse putóige a bhrath ag céim luath, i gcás nach bhfuil siomptóim ar bith ann. (Is féidir leat tuilleadh a léamh maidir le siomptóim ar leathanach 10.) Déantar thart ar 2,600 duine a dhiagnóisiú mar ailse putóige a bheith orthu in Éirinn gach bliain.


Is é ailse phutóige an dara hailse is coitianta i bhfir agus an tríú hailse is coitianta i mná in Éirinn. Má bhraithimid ailse phutóige go luath, beidh sé níos éasca a cóir leighis a chur uirthi agus beidh seans téarnaimh níos mó ann.

Úsáideann scagthástáil phutóige foireann tástála baile a chuardaíonn leibhéal fola i d'fhaecas (cac). Má bhíonn an méid fola a fhaightear i do shampla faecais os cionn theorainn na scagthástála, atreoróidh BowelScreen thú le haghaidh tástáil eile ar a dtugtar ionscópacht ar an drólann. (Léigh tuilleadh faoin tástáil sin ar leathanach 7.)

## Cad is ailse phutóige ann agus cad chuige a ndéanaimid scagthástáil ina leith?

Tugtar ailse drólainne, reicteach nó cholaireicteach ar ailse phutóige chomh maith. Tarlaíonn sé sa chuid íochtair den chóras díleá (stéig).

- Is féidir le hailse putóige teacht ar dhaoine d'aon aois ach méadaíonn an riosca de réir mar a éiríonn tú níos sine.




# Conas a dhéantar an tástáil BowelScreen?

Baineann scagthástáil le sampla a ghlacadh de d'fhaecas (cac) sa bhaile le tástáil bhaile a sheolaimid chugat sa phost.

Leis an trealamh scagthástála FIT soláthraítear bealach simplí duit chun sampla beag de d'fhaecas (cac) a ghlacadh sa bhaile. B'fhéidir go gceapfá go bhfuil sé sin cineál náireach nó gránna, ach ní ghlacann sé ach cúpla nóiméad.

Is féidir leat an sampla a bhaile ag am ar bith sa lá nó san oíche. Lean na trí chéim seo a leanas:

1. Bailigh sampla tríd an gcipín samplála a scríobadh ar d'fhaecas go dtí go mbeidh bun an chipín clúdaithe.
2. Cuir an cipín samplála isteach san fheadán a chuireamar chugat agus séalaigh an feadán sa mhála plaisteach atá curtha ar fáil.
3. Úsáid an clúdach réamhíoctha chun an sampla a sheoladh ar ais chugainn ar an lá céanna ar ghlac tú an sampla – nó an lá ina dhiaidh sin. Déanfaimid é a thástáil ansin.




Leis an tástáil seo a dhéanaimid (tástáil FIT) féachtar le haghaidh leibhéal fola i d'fhaecas.

Má bhíonn an leibhéal fola i do shampla faecais os cionn theorainn na scagthástála, atreoróidh BowelScreen thú le haghaidh tástáil eile ar a dtugtar ionscópacht ar an drólann. (Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin tástáil sin ar leathanach 7.)

D'fhéadfadh sé go mbeadh fuil i d'fhaecas ar a lán cúiseanna nach bhfuil tromchúiseach. Ach d'fhéadfadh sé a bheith ina comhartha luathrabhaidh go bhfuil tú i mbaol go dtiocfaidh ailse phutóige ort.

# Torthaí do scagthástála putóige

Gheobhaidh tú litir ina mbeidh torthaí do thástáil FIT BowelScreen i dtuairim is ceithre seachtaine.

Tá dhá chineál toraidh ann.

## 1. Normálta

Faigheann formhór na ndaoine (96%) toradh normálta. Ciallaíonn sé sin nár braitheadh fuil ar bith, nó go bhfuil an méid fola i do shampla fola faoi bhun theorainn na scagthástála.

Má tá tú laistigh den raon aoise incháilithe tabharfar cuireadh duit an tástáil a dhéanamh arís i gceann dhá bhliain.

Tá sé tábhachtach go mbeifeá ar an eolas faoi shláinte do phutóige toisc go bhféadfadh athruithe tarlú ag aois ar bith. Tabhair cuairt ar do dhochtúir teaghlaigh láithreach má thugann tú siomptóim ar bith faoi deara. Ná fan go dtí do chéad scagthástáil eile.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil maidir le siomptóim ailse putóige ar leathanach 10.

## 2. Mínormálta

Ciallaíonn sé sin go bhfuil an méid fola i do shampla fola os cionn theorainn na scagthástála. Chun an fáth leis sin a fháil amach, atreoróidh BowelScreen thú le haghaidh tástáil eile ar a dtugtar ionscópacht ar an drólann.

(Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin tástáil sin ar leathanach 7.)

Ní chiallaíonn leibhéil níos airde fola i d’fhacaes go bhfuil ailse putóige ort. D’fhéadfadh sé go bhfuil fuil i d’fhacaes ar chúiseanna eile – mar shampla, b’fhéidir go bhfuil haemaróidí (fíocais) ort. Tá tuilleadh eolais faoi haemaróidí ar fáil ar shuíomh gréasáin an FSS.

**Ar an meán, as gach 1,000 fear agus bean ar a ndéantar scagthástáil i gcomhair ailse phutóige***



**Beidh 967 ag thart toradh normálta**

**Ar 33 duine acu toradh mínormálta**

**As na 33 duine a fhaigheann toradh mínormálta FIT agus ar a ndéantar ionscópacht ar an drólann, bíonn toradh normálta ag thart ar:**



**14** duine acu



**18** bíonn comharthaí galair nó polaipí (meallta beaga - faigh tuilleadh eolais fúthu sin ar leathanach 7)



**1** a dhiagnóisiú go bhfuil ailse orthu

* De réir ár sonraí BowelScreen is déanaí

# Má bhíonn ionscópacht ar an drólann de dhíth ort

Cuirfidh altra BowelScreen scairt ort le labhairt leat faoi cad a tharlóidh le na hionscópachta ar an drólann. Cuirfidh an t-altra cúpla ceist ort faoi do shláinte ghinearálta agus faoi chógais ar bith a d'fhéadfá a bheith ag glacadh.

Más léir go bhfuil tú oiriúnach d'ionscópacht ar an drólann, tairgfidh an t-altra ceann duit faoi cheann ceithre go sé seachtaine. Roimhe sin, gheobhaidh tú eolas faoi na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann leis an ngnáthamh.

Is ionann ionscópacht ar an drólann agus scrúdú ar do phutóg ag úsáid ceamara beag ag bun feadán caol solúbtha. Cuirtear an feadán isteach i do thóin, cuirtear tríd an reicteam é isteach sa phutóg mhór nó sa drólann.

Déantar ionscópacht ar an drólann in ospidéal in aonad ionscópachta. Eagróidh BowelScreen an choinne sin.

## Le linn na honscópachta ar an drólann

Le linn an scrúdaithe d'fhéadfaí go nglacfaidh sampla beag de líneáil do phutóige chun breathnú go grinn air. Tugtar bithóipse air sin. Sa tástáil cuardaítear polaipí nó comharthaí galair ar bith i líneáil do phutóige.

Is ionann polaipí agus meallta beaga a fhaightear nach hailse iad, ach mura mbaintear iad, d'fhéadfadh sé go n-athródh siad go hailse le himeacht ama. Má fhaightear polaipí, baintear iad de ghnáth le linn na hionscópachta ar an drólann. Déantar é sin chun an baol go bhforbródh ailse. Ní bhíonn sin pianmhar.

Is é ionscópachta ar an drólann an dóigh is fearr le ailse phutóige, polaipí nó riochtaí eile a aimsiú.

Cuirfidh BowelScreen agus do dhochtúir teaghlaigh litir chugat ina mbeidh do thorthaí.

Má bhíonn cuidiú de dhíth ort chun do thorthaí a thuiscint nó más mian leat labhairt fúthu, is féidir leat glao a chur ar Shaorghlao 1800 45 45 55, ríomhphost a sheoladh chuig info@bowelscreen.ie nó teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir teaghlaigh.

# Na buntáistí a bhaineann le scagthástáil phutóige

### Scagthástáil phutóige:

- sábhálann sé beatha daoine
- is féidir leis ailse phutóige a bhrath go luath
- feabhsaíonn sé na rátaí marthana d'ailse phutóige

Má bhraitear ailse phutóige ag céim luath trí scagthástáil rialta:

- beidh sé níos éasca cóir leighis a chur air
- d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó roghanna cóireála ar fáil
- beidh do sheansanna teacht slán as níos mó.

# Na teorainneacha a bhaineann le scagthástáil phutóige

Ní dhéantar diagnóis (dearbhú) leis an scagthástáil go bhfuil riocht ort nó nach bhfuil. Amhail gach scagthástáil, déantar í ar dhaoine a bhfuil cuma na sláinte orthu. Ní bhíonn siomptóim ar bith orthu.

Leis an scagthástáil phutóige cuardaítear leibhéal fola níos aird ná an gnáthleibhéal i d'fhaecas. Mar sin féin, fiú má bhíonn an méid fola i do shampla d'fhacaes faoi bhun theorainn na scagthástála, níl aon chinnteacht é nach bhfuil ailse phutóige ort. Is é is cúis leis sin nach mbíonn gach ailse nó polaipí ag cur fola an t-am ar fad.

**Ní féidir brath 100% ar scagthástáil ar bith.**

D'fhéadfadh athruithe i sláinte do phutóige tarlú idir scagthástálacha chomh maith. Is é sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin an scagthástáil a dhéanamh gach dhá bhliain.

Téigh chuig an dochtúir i gcónaí má bhíonn buarthaí ar bith ort nó má bhíonn nó siomptóim ailse putóige ar bith ort ag am ar bith. (Léigh tuilleadh maidir le siomptóim ar leathanach 10).

## Níl ailse eatraimh coitianta

Is ionann ailse phutóige eatraimh agus ailse a dhiagnóisítear trí bliana i ndiaidh ionscópacht ar an drólann. Tá ailsí eatraimh dosheachanta toisc go bhfuil a fhios againn nach féidir le scagthástálacha gach ailse a bhrath. Níl ailsí eatraimh coitianta.

As gach 1000 duine ar a ndéantar scagthástáil, beidh ailse eatraimh ar thart ar bheirt acu. Is ráta íseal é sin atá inchomparáide go maith ar bhonn idirnáisiúnta.

## Cad chuige a tharlaíonn ailse eatraimh

I bhformhór na gcásanna sin, ní raibh comhartha ailse ar bith le feiceáil le linn na hionscópachta ar an drólann. Ina ionad sin, d'fhorbair na comharthaí ailse i ndiaidh na hionscópachta ar an drólann. I roinnt ailsí eatraimh, bíonn roinnt comharthaí ailse ann, ach ní bhfuarthas iad nuair a rinneadh an ionscópacht ar an drólann.

Ní gá go gciallaíonn sin go ndearnadh botún. Is teorainn luaite den scagthástáil é nach n-aimseoidh sé na comharthaí ailse ar fad (faigh tuilleadh eolais faoi theorainneacha na scagthástála putóige ar leathanach 8).

## Athbhreithniú ar do Scagthástáil

IMá thagann ailse putóige ort idir scagthástálacha (ailse eatraimh), agus má bhí ionscópacht BowelScreen ar an drólann agat, is féidir leat athbhreithniú a iarraidh. Seol ríomhphost chuig review.request@screeningservice.ie nó déan teagmháil leis an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, Teach Óstaí an Rí, 200 Sráid Parnell, Saorphost FDN7612, Baile Átha Cliath 1, D01A3Y8.

## Athbhreithnigh do stair scagthástála i ndiaidh gach diagnóise ailse eatraimh

Is féidir le duine ar bith a dhiagnóiseofar go bhfuil ailse phutóige orthu athbhreithniú ar a stair scagthástála a iarraidh.

Tá próiseas athbhreithnithe á chur i bhfeidhm againn faoi láthair.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi athbhreithniú an phainéil saineolaithe ar phróiseas ár n-athbhreithnithe eatramhaigh ailse ar www.bowelscreen.ie. Nuashonróimid an suíomh gréasáin le sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú nuair a bheidh an próiseas sin curtha i gcrích.

## An féidir leat an baol a bhaineann le hailse a fhorbairt a laghdú?

Tá sé tábhachtach go mbeifeá ar an eolas i gcónaí faoi shláinte do phutóige toisc go bhféadfadh athruithe tarlú ag aois ar bith. D'fhéadfadh stíl mhaireachtála shláintiúil an riosca ailse putóige a laghdú.

Déan iarracht:

- níos mó gníomhaíocht choirp a dhéanamh
- bia sláintiúil a ithe ina bhfuil neart snáithín cothaitheach amhail torthaí, glasraí agus arán lánghráin, rís dhonn agus gránaigh
- ná hith a oiread bia próiseáilte agus feoil dhearg
- meáchan sláintiúil a choinneáil
- cuir teorainn leis an méid alcóil a ólann tú

## Siomptóim ailse putóige

Is iad seo a leanas na siomptóim ailse putóige is coitianta:

- athrú ar do nósanna folmhaithe amhail bheith ag dul go dtí an leithreas níos minice nó buinneach a mhaireann cúpla seachtain
- ag cur fola as do reicteam
- pian nó cnapán i do ghoile (bolg)
- meáchan a chailleadh nuair nach bhfuil tú ag iarraidh é a chailleadh.

D'fhéadfadh roinnt cúiseanna a bheith ina gcúis leis na siomptóim sin. Ach, má bhíonn ceann amháin nó níos mó de na siomptóim sin ort, ba chóir duit dul chuig do dhochtúir.

## Má bhíonn tacaíocht bhreise de dhíth ort

Má tá míchumas ortsa nó ar dhuine éigin a bhfuil aire á tabhairt agat air nó uirthi, nó má theastaíonn tacaíocht bhreise uait chun páirt a ghlacadh in BowelScreen, is féidir linn cuidiú leat.

Déan teagmháil lenár n-oifigeach rochtana. Is féidir leat ríomhphost a sheoladh chucu ag: access@bowelscreen.ie nó glaoigh ar an uimhir Saorghlao ar 1800 45 45 55 agus chun labhairt leo.

## Eolais i dteangacha eile

Chun eolas a fháil faoi scagthástáil putóige i dteangacha eile tabhair cuairt ar www.hse.ie/bowelscreenvideos

## Cumarsáid a dhéanamh leat

Déanfaimid cumarsáid leat ar bhealach oscailte, ionraic, tráthúil agus trédhearcach sna cásanna seo a leanas:

- má tharlaíonn rud ar bith mícheart le do chúram
- má tharlaíonn díobháil duit mar thoradh ar do chúram
- má cheapaimid gur tharla díobháil.

Ciallaíonn sé sin go gcoinneoimid ar an eolas thú go hiomlán maidir leis na fíricí agus na sonraí a bhaineann le do rannpháirtíocht sa chlár BowelScreen.

## Cá háit a bhfuair BowelScreen do shonraí?

Cuireann BowelScreen liosta le chéile na daoine atá incháilithe i leith na scagthástála. Faighimid na sonraí sin ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó dhaoine a chláraíonn leis an gclár scagthástála iad féin ar an nguthán nó ar líne. Bailímid an fhaisnéis sin faoin Acht Sláinte (Faisnéis a Sholáthar), 1997. Clúdaítear leis an Acht seo faisnéis phearsanta riachtanach a bhailiú faoi dhaoine a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcláir scagtha.

## Cad é a chuimsítear san fhaisnéis phearsanta?

Cuimsítear san fhaisnéis phearsanta d'ainm, seoladh, uimhir ghutháin, dáta breithe, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) agus sloinne roimh phósadh na mathar. Cuimsítear inti chomh maith stair do scagthástála putóige. Baineann stair do scagthástála le do rannpháirtíocht in BowelScreen.

D'fhéadfadh torthaí do scagthástála putóige, freastal ar ionscópacht ar an drólann, cóir leighis agus bithóipse (sampla na tástála) a bheith san fhaisnéis phearsanta chomh maith.

Glacann agus stórálann BowelScreen d'fhaisnéis phearsanta ar bhealach slán. Ní taifid leighis é d'fhaisnéis phearsanta.

Má bhíonn scagthástáil agat mar othar príobháideach, ní choinneoimid an fhaisnéis sin. Ní féidir linn, ach an oiread, faisnéis nó torthaí tástálacha ar bith a fuair tú mar othar príobháideach a rochtain.

## Conas a úsáidimid d’fhaisnéis phearsanta?

Bainfimid úsáid as d’fhaisnéis chun teagmháil a dhéanamh leat nuair a bheidh do chéad scagthástáil eile ag teacht nó nuair a bheidh do thorthaí ar fáil. Déanfaimid d’fhaisnéis a mhalartú chomh maith leis na seirbhísí sláinte eile a sholáthraíonn an clár BowelScreen. Áirítear do dhochtúir teaghlaigh leis sin.

Má bhíonn ionscópacht ar an drólann agat, roinnfear do chuid sonraí freisin le clinic na hionscópacta ar an drólann, leis an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann chomh maith le gairmithe cúraim sláinte eile. Déantar é sin ionas gur féidir linn seirbhís cúraim sláinte ardchaighdeáin a sholáthar duit.

Féadfaimid úsáid a bhaint as sampla tástála do scagthástála i dteagasc, in athbhreithnithe agus in iniúchtaí agus chun cáilíocht agus éifeachtúlacht an chláir a sheiceáil chomh maith. Féadfaimid d’fhaisnéis a úsáid freisin chun cuireadh a thabhairt duit le páirt a ghlacadh i dtaighde. Is fútsa atá sé má theastaíonn uait páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh.

Ní bhainfimid úsáid choíche as d’ainm i dtuarascálacha ar bith i dteagasc nó in athbhreithnithe.

Coinneoimid d’fhaisnéis phearsanta slán, sábháilte agus faoi rún ar aon dul leis na rialacháin reatha maidir le cosaint sonraí.

Beidh rochtain iomlán agus oscailte agat ar d’fhaisnéis phearsanta a choinníonn BowelScreen má iarrann tú í.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi chearta cosanta sonraí agus conas iad a úsáid ag www.hse.ie/gdpr.

## Athrú ar shonraí

Tá sé tábhachtach go gcuirfeá athrú ar bith ar do shonraí pearsanta (amhail do sheoladh) in iúl do BowelScreen. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh linn ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó ríomhphost a sheoladh chuig info@bowelscreen.ie.

## Do thoiliú a thabhairt

Cuimhnigh: Ní féidir ach leat féin toiliú a thabhairt le páirt a ghlacadh inár gclár.

Caithfidh tú do thoiliú a thabhairt sula mbeidh do chéad scagthástáil FIT agat sa bhaile.

Is féidir leat do thoiliú a aistarraingt ag am ar bith trí theagmháil a dhéanamh linn ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó ríomhphost a sheoladh chugainn ag info@bowelscreen.ie

Ciallaíonn sé sin nach ndéanfaimid teagmháil leat faoi BowelScreen amach anseo.

## Tuilleadh eolais

Tabhair cuairt ar www.bowelscreen.ie, Cuir glao ar shaorghlao ar 1800 45 45 55 nó seol ríomhphost chuiginfo@bowelscreen.ie :

- más mian leat tuilleadh eolais a fháil
- más mian leat clárú don chlár scagthástála putóige
- más mian leat a sheiceáil an bhfuil tú ar an gclár

Clár Náisiúnta do Scagthástáil Putóige, Teach Óstaí an Rí, 200 Sráid Parnell, Baile Átha Cliath 1 D01 A3Y8. Ríomhphost: info@bowelscreen.ie

## Do chuid Nótaí

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

BowelScreen
An Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige
The National Bowel Screening Programme

BSP/COM-006 Rev 6 HSS01402